C/2025/3173

20.6.2025

Tuairim ionchais ó Choiste Eorpach na Réigiún — An Comhshocrú Eorpach um na hAigéin

(C/2025/3173)

Rapóirtéir ginearálta: Mätta IVARSSON (SE/Na Glasaigh), Comhalta de Chomhairle Réigiúnach Skåne

MOLTAÍ I LEITH NA mBEARTAS

SEO SEASAMH CHOISTE EORPACH NA RÉIGIÚN (CnaR),

1. Is díol sásaimh do CnaR an tionscnamh seo ón gCoimisiún Eorpach atá dírithe ar chomhleanúnachas bheartais an Aontais maidir leis na haigéin a thabhairt chun feabhais. Cuireann sé i bhfios go láidir, chun cumhacht mhuirí a dhéanamh den Eoraip agus chun na deiseanna a bhaineann leis na haigéin a thapú, gur cheart aghaidh a thabhairt sa Chomhshocrú Eorpach um na hAigéin ar na gnéithe éagsúla den inbhuanaitheacht: na haigéin a chosaint agus a athchóiriú, an fhorbairt eacnamaíoch ghorm inbhuanaithe, an t-eolas agus an taighde muirí, rialachas áitbhunaithe na-aigéan agus folláine na saoránach i gcríocha cósta agus i gcríocha eile a bhfuil naisc acu leis na haigéin. Cuireann CnaR chun suntais go mbraitheann rialachas iomlánaíoch na n-aigéan freisin ar chreat rialachais il-leibhéil, go háirithe ar dhlúth-rannpháirtíocht na n-údarás áitiúil agus réigiúnach agus ar an ngá atá le gníomhaíochtaí ar tír a chur san áireamh a mbíonn tionchar acu ar dhea-bhail na n-aigéan.

2. Leagann sé béim air nach mór na tosaíochtaí réamhráite sin a nascadh le chéile i dtreo gur féidir timpeallachtaí na n-aigéan a chosaint, tacú le geilleagair athléimneacha iomaíocha agus dea-bhail na bpobal áitiúil agus réigiúnach i limistéir chósta agus níos faide i gcéin a áirithiú. Aithníonn sé, ina theannta sin, go mbraitheann dea-bhail agus rathúnas roinnt mhaith de na pobail sin ar aigéin shláintiúla a bheith ann. Ina theannta sin, is gá go mbeadh na pobail chósta, na pobail iascaireachta ar mhionscála agus geallsealbhóirí eile rannpháirteach go gníomhach sa chinnteoireacht a bhaineann leis na haigéin. San am céanna, ní mór leochaileacht daoine aonair agus na bpobal iascaireachta sin i leith thionchair dhíghrádú na n-aigéan agus guaiseacha nádúrtha, agus i leith dhíghrádú antrapaigineach an chomhshaoil a laghdú, agus slite beatha a d'fhéadfadh a bheith ann do na pobail chósta sin a chosaint.

3. Cuireann CnaR i bhfáth gur bunriachtanas é 'dea-stádas comhshaoil' a bhaint amach faoin Treoir Réime um Straitéis Mhuirí ar an ábhar go gcuireann timpeallacht mhuirí dhea-chaomhnaithe taca agus teannta leis an gcobhsaíocht eacnamaíoch, sin agus gur cuidiú í le hiarsmaí an athraithe aeráide ar réigiúin chósta na hEorpa a mhaolú, rud a léiríodh i Measúnú Eorpach 2024 ar Riosca Aeráide a rinne an Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil ([1]).

4. Is mór ag CnaR cinneadh an Choimisiúin Eorpaigh go gcuirfear tús ar an timthriall beartais nua le Comhshocrú nua Eorpach um na hAigéin a ullmhú. Is léiriú é sin ar an bhfonn nach beag atá air cur chuige straitéiseach iomlánaíoch a ghlacadh i leith na n-aigéan. Iarrann CnaR ar an gCoimisiún Eorpach teachtaireacht rialta a eisiúint maidir le cur chun feidhme an Chomhshocraithe mar aon le treochlár gealltanas a chur amach in éineacht léi.

5. Tarraingíonn CnaR aird ar an mbearna chistiúcháin atá ag déanamh dochar do ghníomhaíochtaí muirí agus ba thábhachtach, dar leis, go gcuirfí maoiniú leordhóthanach ar fáil le haghaidh aistriú cóir i dtreo geilleagar muirí ísealtionchair athghiniúnach, sin agus go ndéanfaí na héiceachórais mhuirí agus an taighde eolaíoch a chosaint agus a shlánú go héifeachtach. Síleann sé gur cheart don Chomhshocrú a chion féin a dhéanamh chun cruthú sásraí agus dreasachtaí nuálacha maoiniúcháin a éascú arb é is aidhm dóibh cleachtais inbhuanaithe a chur i bhfeidhm.

6. Cuireann CnaR i bhfios gur cheart ionstraimí maoiniúcháin iomchuí a chur ar fáil leis an gcéad leagan eile den chreat airgeadais ilbhliantúil, arb ionstraimí iad nach mór a bheith oiriúnach do na creatlacha socheacnamaíocha áitiúla éagsúla. Chuige sin, ní mór cur chuige iomlánaíoch atá bunaithe ar an rialachas il-leibhéil a fhorbairt maidir le bainistiú na n-ionstraimí sin, rud nach mór do na húdaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla a bheith páirteach ann.

7. Ag cuimhneamh siar dó ar an taithí a fuarthas nuair a bhí an fhís fhadtéarmach do cheantair thuaithe an Aontais á tabhairt chun cinn ([2]), cuireann CnaR i dtábhacht gur gá a áirithiú go mbeidh na naisc sin idir limistéir chósta agus limistéir inmheánacha a théann chun tairbhe don dá thaobh san áireamh i mbeartais uile an Aontais feasta. Chuige sin, is gá an leas is fearr is féidir a bhaint as na spleáchais mhóra idir na limistéir chósta agus na limistéir inmheánacha.

([1]) Tuarascáil EEA 01/2024, Measúnú Eorpach ar Rioscaí Aeráide.
([2]) Tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún — *Fís fhadtéarmach do Cheantair Thuaithe an Aontais* (IO C 270, 13.7.2022, lch. 18).

Cur chuige iomlánaíoch i leith bhainistiú na n-aigéan

8. Cuireann CnaR chun suntais gur den mhórthábhacht agus den riachtanas aigéin shláintiúla a bheith ann don Aontas, dá Bhallstáit, do na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha agus do shaoránaigh an Aontais. Is amhlaidh atá toisc go gcothaíonn siad an bhithéagsúlacht, go gcuireann siad borradh faoi gheilleagair, go dtacaíonn siad leis an bhfolláine agus gur réamhriachtanas iad le gur féidir na héiceachórais mhuirí a bhainistiú go hinbhuanaithe, rud a chuireann leis an mbiafhlaitheas. Measann sé gur iomaí slí atá ann ina mbíonn baint ag na haigéin leis an duine daonna agus gur rímhór an tábhacht atá leo ó thaobh an chomhshaoil, an gheilleagair, an chultúir, na straitéisí agus an áineasa de.

9. Is díol sásaimh do CnaR go bhfuil an Coimisiún ag iarraidh forbairt straitéiseach a dhéanamh feasta ar a chur chuige i leith na n-aigéan i dtreo gur féidir an comhleanúnachas agus an tsineirgíocht idir cuspóirí, uirlisí, beartais agus tosaíochtaí éagsúla a fheabhsú. Áirítear, ina measc sin, na nithe seo a leanas:

(a) spriocanna uileghabhálacha comhshaoil an Aontais, mar a chuirtear síos orthu sa Chomhaontú Glas don Eoraip agus mar a shainítear iad i gcomhréir le gealltanais idirnáisiúnta an Aontais agus na mBallstát, an t-iomaíochas treisithe Eorpach mar atá curtha roimhe ag Draghi sa Tuarascáil a réitigh sé, agus ullmhacht shibhialta agus chosanta na hEorpa mar atá sin beartaithe i dTuarascáil Niinistö;

(b) réimsí ina mbíonn tionchar polaitiúil ag an Eoraip, ar a n-áirítear taidhleoireacht maidir leis na haigéin, sin agus rialachas neartaithe idirnáisiúnta agus réigiúnach na n-aigéan a chur chun cinn;

(c) beartais earnála, cuir i gcás an Comhbheartas Iascaigh, an Geilleagar Gorm, Straitéis Taighde agus Nuálaíochta an Aontais um na hAigéin, agus an Plean Eorpach um Oiriúnú don Athrú Aeráide.

Tugann CnaR le fios gur gá an cur chuige iomlánaíoch thuasluaite a thuiscint i gcomhthéacs domhanda ina gcaitheann náisiúin leis na haigéin mar a bheadh limistéir talún ann agus gur minic iad ina n-ábhair díospóidí críochacha. Ar an ábhar sin, cuireann CnaR i dtábhacht gur cheart gné eile fós, an ceathrú ceann, a chuimsiú sa Chomhshocrú um na hAigéin, eadhon:

(d) tuilleadh béime a chur ar acmhainní muirí atá ina n-ábhar achrainn agus ar thábhacht neartaithe gheostraitéiseach na n-aigéan i ndomhan atá iltaobhach ilroinnte. Luíonn sin leis an ngá atá ann feabhas a chur ar athléimneacht na '[réigiún] teorann seachtraí[...], idir réigiúin teorann talún agus réigiún teorann muirí araon, ós iad is tairseach don Aontas Eorpach, do shlándáil agus d'athléimneacht an Aontais Eorpaigh' ([3]). Cuireann CnaR chun suntais go bhfágann na bagairtí geopholaitiúla nua sin gur mó is gá pleanáil spásúil mhuirí chuí a áirithiú idir na gníomhaíochtaí éagsúla, sin agus 'cúngú spásúil' a sheachaint.

(e) creataí bainistithe a fheabhsú, mar aon le sásraí comhordaithe ar an leibhéal domhanda, réigiúnach agus náisiúnta, d'fhonn bainistiú comhtháite na n-éiceachóras agus cosaint na bpobal cósta a áirithiú.

10. Cuireann CnaR i dtábhacht nach féidir acmhainneacht eacnamaíoch na dtionscal muirí a uasmhéadú san fhadtéarma mura mbí aigéin shláintiúla ann. Ní foláir cosaint agus bainistiú inbhuanaithe na n-éiceachóras muirí a bheith i gcroílár an Chomhshocraithe, ós rud é go bhfuil tábhacht as cuimse le héiceachórais shláintiúla chun an táirgiúlacht agus an athléimneacht a áirithiú in earnálacha atá ag brath ar an bhfarraige, sin agus a bhforbairt sna blianta atá le teacht a áirithiú.

11. Tugann CnaR le fios nach gciallaíonn cur chuige iomlánaíoch gur cheart ilbheartais aonfhoirmeacha a chur i bhfeidhm as éadan a chéile ar fud na réigiún uile gan machnamh ceart cúramach a dhéanamh ar dhifríochtaí áitiúla. Ina ionad sin, ní foláir riachtanais agus leasanna éagsúla na bpobal réigiúnach agus áitiúil a chur san áireamh, ós fíor san am céanna nach mó ná éifeachtach nó inbhuanaithe a bheadh samhail an 'aonréitigh don uile chás'. Dá bhrí sin, tá CnaR ag iarraidh go gceapfaí na beartais mhuirí i ndlúthchomhar leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha agus leis na saoránaigh, ag tógáil ar phrionsabail an rialachais il-leibhéil, na coimhdeachta gníomhaí agus na comhpháirtíochta. Ar an gcaoi sin, d'fhéadfaí dul i muinín cineálacha cur chuige saincheaptha a bheadh sonrach don chomhthéacs agus a thabharfadh a gceart do na sainiúlachtaí áitiúla, agus d'fhéadfaí malartú dea-chleachtas agus comhar a chur chun cinn ó earnáil mhuirí go chéile.

12. Cuireann sé chun suntais a thábhachtaí atá sé a áirithiú gurb é a bheidh mar bhonn le bainistiú na n-aigéan comhtháthú láidir beartas agus spriocanna atá ceangailteach ó thaobh dlí de. Ba cheart freisin faireachán a dhéanamh ar na spriocanna sin agus, más gá, iad a fhorfheidhmiú go rialta. Áirítear leis sin an nasc idir an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí agus cuspóirí na Pleanála Spásúla Muirí a neartú.

13. Meabhraíonn CnaR na conclúidí ón gcruinniú a bhí ag Stiúrthóirí Muirí agus Uisce an Aontais Eorpaigh i mí an Mheithimh 2024 mar ar iarradh go gcuirfí chun gnímh athuair d'fhonn dea-stádas comhshaoil na n-éiceachóras muirí a áirithiú agus, thar aon ní eile, go ndéanfaí 'Dlí Eorpach na Farraige' den Treoir Réime um Straitéis Mhuirí ([4]).

([3]) Tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún — *Réigiúin na hEorpa a dhíon ar thurraingí: an athléimneacht eacnamaíoch áitiúil agus réigiúnach a neartú i bhforbairt straitéiseach an Mhargaidh Aonair* (IO C, C/2024/7061, 4.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/7061/oj).

([4]) Cruinniú Neamhfhoirmiúil Stiúrthóirí Muirí agus Uisce an Aontais Eorpaigh — Conclúidí críochnaitheacha an 13 agus an 14 Meitheamh 2024.

14. Tá CnaR ag iarraidh go mbunófaí grúpa tionscadail laistigh de Choláiste na gCoimisinéirí a bheidh faoi stiúir an Choimisinéara um an Iascach agus na hAigéin agus a bheidh freagrach as an gComhshocrú um na hAigéin a chur chun feidhme, chun a áirithiú go nglacfar cur chuige iomlánaíoch.

Geilleagar gorm ísealtionchair

15. Cuireann CnaR i dtábhacht gur gá tacú le gníomhaíochtaí muirí a ndéanann na géarchéimeanna triaracha comhshaoil difear dóibh, nó a chuireann in olcas iad, san aistriú cóir i dtreo geilleagar gorm ísealtionchair nach sáraíonn teorainneacha an phláinéid ná acmhainneacht iompair ár n-aigéan.

16. Leagann sé béim ar a thábhachtaí atá an phleanáil spásúil mhuirí chun comhleanúnachas a áirithiú idir beartais chomhshaoil, aeráide agus earnála agus beartais a bhaineann le dea-bhail shocheacnamaíoch. Aithníonn CnaR a dhúshlánaí atá an‘cúngú spásúil’ in uiscí an Aontais agus cuireann sé chun suntais gur féidir dul i muinín na cómhaireachtála mar a bheadh uirlis straitéiseach ann a chuideodh le spriocanna bithéagsúlachta an Aontais agus spriocanna bithéagsúlachta idirnáisiúnta a aimsiú, agus tacaíocht á tabhairt san am céanna do phobail áitiúla. Cuireann sé i dtábhacht nach foláir scrúdú a dhéanamh faoi chuimsiú na pleanála spásúla muirí ar conas a d’fhéadfaí fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta a chomhshuí le hiascaigh ísealtionchair nó le dobharshaothrú ísealtrófach.

17. Meabhraíonn CnaR go bhfuil ról ríthábhachtach ag cur in úsáid fuinnimh gaoithe amach ón gcósta maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip a chur chun feidhme agus maidir le hiomaíochas agus slándáil sholáthar fuinnimh na hEorpa a áirithiú. Tá sé ag iarraidh go bhforbrófaí tairiscintí trasteorann fuinnimh amach ón gcósta chun coinbhleachtaí úsáide a theorannú agus an bonneagar fuinnimh a chuíchóiriú. Tá muinín aige as na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha chun straitéisí iomchuí fuinnimh a fhorbairt.

18. Iarrann CnaR ar an gCoimisiún tionscail na hEorpa maidir le fuinnimh amach ón gcósta a chosaint ar iomaíocht éagórach trí phraghsanna íosta agus ceanglas a bhunú chun a áirithiú go leanfaidh formhór mór an tslabhra luacha de bheith Eorpach, critéir nua a bhunú i dtairiscintí fuinnimh amach ón gcósta, lena n-áirítear trí chritéir éigeantacha nach mbaineann le praghsanna a thabhairt isteach maidir leis an mbithéagsúlacht, gnéithe sóisialta agus ciorclaíocht agus na tionscadail sin a nascadh le cláir ghaolmhara um athbhunú na bithéagsúlachta.

19. Aithníonn CnaR gur féidir leis na gníomhaíochtaí éagsúla a bheith sineirgeach nó fritéiseach de réir a gcineáil agus a suímh ó thaobh spáis agus ama de. Síleann sé gur cheart don Chomhshocrú um na hAigéin rannchuidiú le pleanáil spásúil áitiúil a éascú, rud a áiritheoidh go mbainfear an leas is mó is féidir as na sineirgí idir gníomhaíochtaí na muirí, sin agus go laghdófar agus/nó go mbainisteofar cibé comhbhabhtálacha a bheidh ann. Cuireann CnaR chun suntais nach féidir féachaint ar na limistéir mhuirí faoi chosaint mar ghníomhaíocht a bhféadfadh comhbhabhtálacha a bheith ag gabháil léi.

Bia

20. Aithníonn CnaR go bhfuil teorainn le méid na n-acmhainní iascaigh agus go bhfuil siad nasctha go dlúth le cáilíocht fhoriomlán na n-éiceachóras muirí. Cuireann sé i bhfios gur príomhchuspóir straitéiseach de chuid an Aontais fós é biafhlaitheas fadtéarmach an Aontais a áirithiú, rud nach féidir a bhaint amach mura mbainisteofar na héiceachórais mhuirí ar bhealach inbhuanaithe. Tuigeann CnaR ról na n-aigéan agus an eolais thraidisiúnta atá ag gairmithe muirí i dtáirgeadh bia ardluacha arna fhoinsiú ag iascaigh agus ag an dobharshaothrú, mar atá aitheanta i dTeachtaireacht an Choimisiúin maidir le Fís le haghaidh na Talmhaíochta agus an Bhia ([5]). Tarraingíonn CnaR aird ar thionchar an bheartais talmhaíochta ar shláinte na n-éiceachóras muirí agus ar na fadhbanna a eascraíonn as ionchur cothaitheach agus eotrófú, ar fadhbanna iad a chuireann isteach ar chuspóirí comhshaoil an Aontais a bhaint amach agus ar earnáil an iascaigh araon.

21. Tá CnaR den tuairim go bhfuil riachtanas rímhór le stoic éisc bhainistithe inbhuanaithe chun tionscal iascaireachta brabúsach a choinneáil ar bun a bheidh in acmhainn poist a áirithiú in earnáil an iascaigh agus sa slabhra soláthair áitiúil atá ag brath uirthi. Measann CnaR gurb é taobh an mhionscála d’earnáil an iascaigh is mó go mór fada a théann chun tairbhe do phobail áitiúla agus gur ann a bhaintear feidhm as cleachtais atá níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol. Fairis sin, ba cheart tacú leis an iascach ar mionscála ar mhaithe le hathléimneacht a ghníomhaíochtaí san fhadtéarma. Aithníonn CnaR gur cuid bhunúsach de chultúr agus de gheilleagar go leor pobal cois cósta í an iascaireacht. Cuireann sé chun suntais nach foláir stoic éisc róshaothraithe, ídithe agus athshlánaithe a athbhunú mar aon le hiarrachtaí a spreagadh chun a áirithiú nach mbeidh acmhainní beo neamhchosanta ar chleachtais iomarcacha iascaireachta sna haigéin, agus éifeachtaí na hiascaireachta neamhdhleathaí, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (NNN) ag cabhlaigh iascaireachta tríú tíortha á gcur san áireamh chun tacú le hathléimneacht fhadtéarmach na n-iascairí cois cósta. Measann CnaR gur cheart aghaidh a thabhairt freisin ar an tionchar a bhíonn ag leathadh speiceas coimhthíoch ionrach.

22. Cuireann CnaR chun suntais gur gá athrú a chur ar phatrúin tomhaltais san Aontas i dtreo gur lú a bheifear ag brath ar tháirgí allmhairithe agus gur mó a spleáchas ar an táirgeadh áitiúil. Tarraingíonn sé aird ar an gcaoi a bhféadfadh an fhorbairt áitiúil agus réigiúnach cur le tomhaltas táirgí a fhaightear go háitiúil agus a bhfuil slabhraí soláthair gairide acu, dá réir sin. Leagann CnaR béim ar an ról ró-dhíobhálach a d’fhéadfadh a bheith ag an dobharshaothrú tionsclaíoch ar ár n-acmhainní dílse agus ar acmhainní tríú tíortha nuair is é féin is siocair leis an ró-iascaireacht d’fhonn min éisc a tháirgeadh. Fairis sin, cuireann sé béim ar an gcaoi ar gá féachaint le dobharshaothrú ísealtionchair a chothú, go háirithe a fhad a bhaineann le halgaí agus débhlaoscaigh, ós iad sin na roghanna malartacha is inbhuanaithe le haghaidh táirgeadh próitéine uiscí tráth atá meath ag teacht ar na stoic éisc agus gá dá réir sin lena gcaomhnú.

([5]) COM(2025) 75 final.

23. Meabhraíonn CnaR go bhféadfaí acmhainní bitheolaíocha muirí nach ndearnadh measúnú orthu go fóill sna réigiúin is forimeallaí, arb ionann a n-uiscí agus níos mó ná leath de mhéid na limistéar eacnamaíoch eisiach san Aontas ina iomláine, a bhainistiú go héifeachtach agus go hinbhuanaithe. Thacódh sé sin le tairbhí eacnamaíocha, sóisialta agus fostaíochta a ghiniúint agus chuirfeadh sé le hinfhaighteacht soláthairtí bia, rudaí a rachadh chun tairbhe d'fhorbairt na réigiún sin agus d'fhorbairt an Aontais ina iomláine.

24. Aithníonn sé an ról a d'fhéadfadh a bheith ag forbairt an dobharshaothraithe ísealtrófaigh i dtaca le slándáil an tsoláthair bia agus le fostaíocht, go háirithe sna ceantair thuaithe, sin agus an gá atá le forbairt an dobharshaothraithe inbhuanaithe a chur chun cinn.

25. Tugann CnaR le fios gurb é an tAontas Eorpach an margadh bia mara is mó ar domhan agus aithníonn sé gur air a thiteann cuid mhór den fhreagracht as bainistiú inbhuanaithe na n-acmhainní nádúrtha. San am céanna, measann CnaR gur den ríthábhacht cabhlach iascaireachta agus tionscal iascaireachta na hEorpa a chosaint ar an iomaíocht dhomhanda éagórach maille le cothrom iomaíochta a áirithiú le haghaidh táirgí bia mara allmhairithe, go háirithe táirgí is toradh ar an iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte nó ar chleachtais atá díobhálach don chomhshaol.

Turasóireacht

26. Cuireann CnaR in iúl gur mór aige ról na turasóireachta inbhuanaithe sna limistéir feadh an chósta agus a thábhachtaí atá sí lena áirithiú go mbeidh rath agus bláth ar phobail na limistéar sin. Aithníonn sé an baol a bhaineann leis an turasóireacht neamhchothrom i limistéir íogaire a bhfuil éiceachórais leochaileacha iontu. Tá CnaR den tuairim gur cheart don Chomhshocrú um na hAigéin rannchuidiú le huirlisí agus sásraí a shainaithint a laghdóidh oiread agus is féidir an riosca a eascraíonn as an róshaothrú agus as an díghrádú comhshaoil agus oidhreachta. Rótharraingt neamhrialaithe neamhrialáilte turasóirí ar na limistéir réamhráite agus iad róchruinnithe ar a chéile in áit faoi leith ag am faoi leith, is iad is cúis leis an róshaothrú agus an díghrádú sin.

27. Cuireann CnaR chun suntais gur bunriachtanas é aigéin ghlana a bheith ann chun tarraingteacht fhadtéarmach na turasóireachta cósta a áirithiú trí úsáid inbhuanaithe a bhaint as acmhainní nádúrtha agus cultúrtha, agus gur iomaí tairbhe a bhaineann le limistéir mhuirí faoi chosaint do ghníomhaíochtaí turasóireachta áitiúla.

28. Cuireann CnaR chun suntais gur fada uainn sprioc an Aontais Eorpaigh a bhaint amach maidir le 30 % ar a laghad dá limistéar muirí a chosaint agus 10 % a chur faoi dhianchosaint i ngach réigiún lena mbaineann. Tugann sé dá aire gur beag rialáil a dhéantar ar ghníomhaíochtaí muirí i mbreis agus 80 % de limistéir mhuirí faoi chosaint an Aontais.

29. Tá CnaR ag iarraidh go gcuirfí toirmeasc ar ghníomhaíochtaí iascaireachta scriosacha, amhail trálaeireacht ghrinnill, i ngach limistéar muirí faoi chosaint. Tugann sé chun suntais go bhfuil tionchar díobhálach ag trálaeireacht pheiligeach thionsclaíoch i roinnt limistéar, go háirithe ar iascaigh chósta agus ar phobail áitiúla.

Geilleagar inbhuanaithe ciorclach

30. Cuireann CnaR i bhfáth go mbraitheann acmhainneacht na réigiún i gceist, dá éagsúla ó chéile iad, cuid mhaith ar a saintréithe fisiceacha agus geografacha. Leagann sé béim air go bhféadfaí fuinneamh inbhuanaithe a tháirgeadh trí fheirmeacha gaoithe amach ón gcósta, fuinneamh taoide agus tiontú fuinnimh theirmigh aigéin a thabhairt chun cinn.

31. Meabhraíonn CnaR go bhfuil ról ríthábhachtach ag cur in úsáid fuinnimh gaoithe amach ón gcósta maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip a chur chun feidhme agus maidir le hiomaíochas agus slándáil sholáthar fuinnimh na hEorpa a áirithiú. Cuireann sé i bhfios go moltar i straitéis an Aontais maidir le fuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta bealaí sonracha chun bogadh chun tosaigh, d'fhonn tacú le forbairt inbhuanaithe fhadtéarmach na hearnála. Tugann sé chun suntais gur gá tuilleadh infheistíochta a dhéanamh i mbonneagar eangaí agus idirnascaire a bhfuil gá leis chun forbairt foinsí in-athnuaite fuinnimh amach ón gcósta a éascú.

32. Iarrann CnaR ar na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha straitéisí iomchuí fuinnimh a fhorbairt ina ndíreofaí ar an tacaíocht do thairiscintí trasteorann agus don úsáid a bhaintear as bonneagar fuinnimh a chuíchóiriú.

33. Síleann CnaR gurbh é ba cheart a éileamh sa Chomhshocrú um na hAigéin cur chuige eolaíochtbhunaithe agus réamhchúraim i leith mhianadóireacht na n-aigéan. Ar an gcaoi sin, b'acmhainn aon iarmhairtí a bheadh ann do na héiceachórais mhuirí agus don bhithéagsúlacht, iarmhairtí nach bhféadfaí dul siar orthu, a sheachaint; b'acmhainn na comhbhabhtálacha a bheidh ann, is é is dóichí, le gníomhaíochtaí eacnamaíocha eile, cuir i gcás iascach, dobharshaothrú agus turasóireacht, a chur san áireamh freisin. I ndáil leis an méid sin, cuireann sé i bhfáth a thábhachtaí atá sé feasacht an phobail a mhúscailt maidir le comhtháthú feirmeacha gaoithe amach ón gcósta agus a thábhachtaí atá an ról atá acu san aistriú fuinnimh.

34. Cuireann CnaR béim ar an gcaoi ar gá dul i ngleic le truailliú na muirthimpeallachta, an uile chineál de, ar a n-áirítear an truailliú ceimiceach agus plaisteach, mar chuid de chur chuige 'ó fhoinse go muir'.

35. Iarrann CnaR ar an Aontas ról ceannaireachta a ghlacadh chun a chinntiú go nglacfar conradh uaillmhianach domhanda maidir le plaistigh ina dtabharfar aghaidh ar shaolré iomlán na bplaisteach – lena n-áirítear plaistigh aon úsáide, micreaphlaistigh agus trealamh iascaireachta – agus ar bhreiseáin ghuaiseacha cheimiceacha, agus ina mbeadh bearta réamhtheachtacha lena ndíreofaí ar tháirgeadh agus ar laghdú na bplaisteach.

Iompar muirí

36. Aithníonn CnaR go bhfuil ról lárnach ag an Aontas mar cheannaire idirnáisiúnta óir is faoi scáth na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta (IMO) a rialaítear formhór mór an iompair mhuirí.

37. Is mian le CnaR béim a leagan ar a thábhachtaí atá tionscal na longthógála dá lán réigiún cósta agus ar a thábhachtaí atá tionscal Eorpach longthógála d'uathriail straitéiseach na hEorpa. Chuige sin, iarrann sé ar an gCoimisiún Eorpach tacú leis an nuálaíocht agus leis an inbhuanaitheacht i réimse na longthógála.

38. Tugann sé le fios gur le *acquis* iompair an Aontais Eorpaigh ([6]) a rialaítear an próiseas bainistithe dramhaíola cois cladaigh, mar atá trí bhíthin forálacha a áirithíonn infhaighteacht na saoráidí glactha calafoirt agus seachadadh na dramhaíola chuig na saoráidí sin. Cuireann CnaR i dtábhacht gur gá dul i ngleic freisin le truailliú an aeir is toradh ar an loingseoireacht, ar muir nó ag an gcalafoirt.

39. Tugann CnaR le fios a thábhachtaí atá sé na moltaí atá curtha ar aghaidh aige ([7]) a ghlacadh, go háirithe maidir lena mhéid is gá dreasachtaí a chruthú chun dramhaíl ó longa a sheachadadh chuig na calafoirt, ar a n-áirítear trí tháille aonair a ghlacadh.

40. Cuireann CnaR chun suntais a thábhachtaí atá an t-iompar muirí idirnáisiúnta do chathracha agus réigiúin chalafoirt na hEorpa agus is mian leis aird a tharraingt ar an tuairim a d'eisigh sé ([8]) inar moladh go gcuirfí san áireamh i mbeartais an Aontais i réimsí an iompair agus an gheilleagair mhuirí agus i gcosaint na muirthimpeallachta agus an chomhshaoil uiscigh na dúshláin forbartha a bhaineann le calafoirt agus le cathracha calafoirt. Is díol sásaimh dó go nglacfar Straitéis an Aontais maidir le Calafoirt in 2026 agus tá sé ag iarraidh go dtabharfaí aghaidh leis an straitéis sin ar an ngá atá le loingseoireacht a dhícharbónú, bonneagar calafoirt a oiriúnú don athrú aeráide, sin agus aistriú chalafoirt an Aontais i dtreo samhail a oireann do theorainneacha an phláinéid a áirithiú. Cuireann CnaR i dtábhacht gur gá dul i ngleic freisin le truailliú an aeir is toradh ar an loingseoireacht. Tá roinnt dúshlán ag baint leis an aistriú go foinsí fuinnimh in-athnuaite, mar shampla maoiniú agus uasteorainn acmhainneachta iascaireachta cabhlaigh mar gur troime na teicneolaíochtaí nua ná na gnáthinnill díosail.

An comhshaol, na héiceachórais mhuirí agus chósta, agus an bhithéagsúlacht a chosaint agus a athchóiriú

41. Aithníonn CnaR an dlúthnasc atá ann idir caomhnú éiceachóras, cosaint na bithéagsúlachta muirí agus gníomhaíochtaí socheacnamaíocha a bhaineann leis an bhfarraige agus le táirgeadh bia. Leagann sé béim ar ról na n-aigéan sa chomhrac i gcoinne an athraithe aeráide. Aithníonn CnaR ról na n-éiceachóras muirí, ar a n-áirítear bogaigh agus sceireacha coiréil, mar mhaoláin nádúrtha i gcoinne stoirmeacha agus creimeadh cósta. Rud eile de, leagann sé béim ar an ról atá acu maidir le bonneagar, beatha agus slite beatha a chosaint ar adhaimsir agus ar theagmhais a nochtann chugainn go malltriallach.

42. Iarrann CnaR go nglacfaí bearta cothroma chun truailliú an aeir is toradh ar an muiriompar a laghdú, agus é á chur san áireamh go bhfuil réigiúin áirithe ann a bhíonn ag brath go hiomlán ar an muiriompar chun ábhair bhunriachtanacha a sholáthar.

([6]) Treoir (AE) 2019/883 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le saoráidí glactha calafoirt don seachadadh dramhaíola ó longa, lena leasaítear Treoir 2010/65/AE agus lena n-aisghairtear Treoir 2000/59/CE (IO L 151, 7.6.2019, lch. 116, https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:32019L0883.

([7]) Tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún — *Na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha agus cosaint na muirthimpeallachta* (IO C 300, 27.7.2021, lch. 36, níl leagan Gaeilge ann).

([8]) Tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún — *Cathracha Calafoirt agus Limistéir Chalafoirt a Athnuachan* (IO C 207, 30.6.2017, lch. 25, níl leagan Gaeilge ann).

43. Is mian le CnaR aird a dhíriú ar a bhfuil de reachtaíocht agus *acquis* an Aontais Eorpaigh ann maidir le héiceachórais mhuirí a chosaint agus a athchóiriú, agus ar an ngá atá le 'dea-stádas comhshaoil' na n-aigéan a bhaint amach ([9]), rud a thugann le fios a mhéid is gá cur chuige cothrom bunaithe ar an eolaíocht agus ar éiceachórais a shaothrú i leith bhainistiú ghníomhaíochtaí an duine ar muir, sin agus a mhéid is gá limistéir mhuirí agus chósta faoi chosaint a bhfuil bac orthu mar gheall ar dhroch-chur chun feidhme a leathnú ([10]).

44. Athdhearbhaíonn CnaR gur cúis bhuartha dó nár éirigh le muirthimpeallacht an Aontais dea-stádas comhshaoil a bhaint amach faoi 2020, rud a chuir sé in iúl i dtuairim dá chuid in 2021 ([11]).

45. Tugann CnaR le fios go bhfuil sé d'aidhm ag Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais go dtí 2030 30 % ar a laghad d'fharraigí an Aontais a chosaint, maille le 10 % díobh a chur faoi dhianchosaint, sin agus éiceachórais mhuirí a athchóiriú trí laghdú a chur ar an truailliú, an ró-iascaireacht agus scriosadh gnáthóg. Cuireann sé i bhfios go leagtar síos faoin Dlí maidir le hAthchóiriú an Dúlra spriocanna atá ceangailteach ó thaobh dlí a bhfuil sé d'aidhm acu 20 % ar a laghad d'éiceachórais mhuirí dhíghrádaithe a athchóiriú faoi 2030, rud a chuirfidh feabhas ar an mbithéagsúlacht, ceapadh carbóin agus an athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide (féach freisin spriocanna an Chomhbheartais Iascaigh agus cuspóirí uileghabhálacha an Choimisiúin Eorpaigh nua maidir le slándáil an tsoláthair bia – Treoirlínte Polaitiúla don chéad Choimisiún Eorpach eile 2024-2029).

46. Is mian le CnaR aird a dhíriú ar thuairim dá chuid a eisíodh in 2021 dar teideal *Geilleagar gorm inbhuanaithe agus an dobharshaothrú* ([12]) ina leagtar síos de thosaíocht bainistiú inbhuanaithe na n-aigéan agus na bhfarraigí agus ina n-iarrtar go gcuirfí an geilleagar gorm chun feidhme laistigh de theorainneacha éiceolaíocha agus de réir choincheap theorainneacha an phláinéid. Leagtar béim inti freisin ar úsáid chomhoiriúnach eacnamaíoch na bhfarraigí i ndáil le gnáthóga muirí mar threoir d'infheistíochtaí poiblí agus príobháideacha.

47. Athdhearbhaíonn CnaR go bhfuil bunriachtanas le fíorgheilleagar ciorclach atá bunaithe ar tháirgeadh freagrach, ar thomhaltas laghdaithe, ar athúsáid, ar dheisiú agus ar athchúrsáil chun na dálaí a chothú le rath a chur ar athshlánú na bithéagsúlachta agus le díghrádú an chomhshaoil a chur ina cheart.

48. Leagann CnaR béim freisin ar a thábhachtaí atá sé an truailliú agus sceitheadh ceimiceán guaiseach a chosc ionas gur féidir idirghníomhaíocht ar bith le strusairí comhshaoil eile a sheachaint ó b'fhéidir leo tionchar fadtéarmach agus mórscála a bheith acu ar an gcomhshaol talún agus muirí. Déantar tagairt dó sin sa tuairim ó CnaR dar teideal *Bainistiú athléimneach an uisce chun an ghéarchéim aeráide a chomhrac mar chuid den Chomhaontú Gorm don Eoraip* ([13]). Cuireann sé chun suntais gur gá tacú leis an gComhshocrú um na hAigéin atá ar na bacáin trí bhíthin forbairtí beartais eile atá ar na bioráin, cuir i gcás an t-athbhreithniú ar Threoir REACH, d'fhonn is gur féidir bagairtí nua, ar nós thruailliú PFAS, a chur san áireamh.

Cosc, ullmhacht agus oiriúnú don athrú aeráide

49. In ainneoin gur féidir an cás is measa amuigh den athrú aeráide a sheachaint fós, aithníonn CnaR go mbeidh pobail áitiúla, go háirithe sna ceantair cois cósta, caillteach le hiarsmaí an athraithe aeráide atá tarlaithe cheana féin. Tugann sé le fios go bhfuil ról ag na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha mar chéadfhreagróirí nuair a thiteann teagmhais adhaimsire amach arb é an t-athrú aeráide is cúis leo chomh minic lena athrach. Ina theannta sin, ba cheart straitéisí oiriúnaithe a cheapadh chun aghaidh a thabhairt ar thionchair an athraithe aeráide ar na haigéin, amhail ardú leibhéil na mara, aigéadú agus truailliú ó phlaistigh, ó chothaithigh agus ó cheimiceáin sna haigéin.

([9]) An Treoir Réime um Straitéis Mhuirí (IO L 164, 25.6.2008, IO L 164, 25.6.2008) agus an t-athbhreithniú a rinneadh uirthi; an Treoir Réime maidir le hUisce (IO L 327, 22.12.2000, IO L 327, 22.12.2000), an Comhaontú Glas don Eoraip, Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030 (2020) agus Dlí an Aontais maidir le hAthchóiriú an Dúlra (Rialachán (AE) 2024/1991 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2024 maidir le hathchóiriú an dúlra agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2022/869 (IO L, 2024/1991, 29.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1991/oj)), ar a n-áirítear sprioc shonrach, mar atá 20 % de na limistéir farraige a athbhunú faoi 2030, an Plean Gníomhaíochta um Uisce, Aer agus Ithir Saor ó Thruailliú (2021).

([10]) Tuarascáil Speisialta Uimh. 26/2020 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: *Marine environment: EU protection is wide but not deep* [An mhuirthimpeallacht: Tá cosaint an Aontais leathan ach níl sí domhain]..

([11]) Tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún — *Na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha agus cosaint na muirthimpeallachta* (IO C 300, 27.7.2021, lch. 36, níl leagan Gaeilge ann).

([12]) Tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún — *Geilleagar gorm inbhuanaithe agus an dobharshaothrú* (IO C 97, 28.2.2022, lch. 36).

([13]) Tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún — *Bainistiú athléimneach an uisce chun an ghéarchéim aeráide a chomhrac mar chuid den Chomhaontú Gorm don Eoraip* (tuairim féintionscnaimh) (IO C, C/2024/5367, 17.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/5367/oj).

50. Is mian le CnaR aird a dhíriú ar an togra a chuir sé faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh inar iarr sé ar an gCoimisiún breis dua a fháil le gné na hathléimneachta dá chuid uirlisí beartais a neartú d'fhonn cumais na n-údarás áitiúil agus réigiúnach freagairt do ghéarchéimeanna a threisiú mar aon lena n-athléimneacht eacnamaíoch agus an fás san fhadtéarma ar fud an Aontais.

51. Measann CnaR gur cheart a chuimsiú sa Chomhshocrú pleananna áitiúla maidir le hoiriúnú don athrú aeráide ina n-áireofaí pleananna iomchuí chun freagairt do thubaistí i limistéir chósta a bheidh bunaithe ar shainiúlachtaí áitiúla, rud a chothóidh cosc, ullmhacht agus freagairt éifeachtach ar ghéarchéimeanna tobanna, go háirithe géarchéimeanna a bhaineann le teagmhais adhaimsire chomh maith le próisis a thagann chun cinn go cinnte más go mall féin é.

52. Cuireann sé chun suntais gur gá córais bhia atá bunaithe ar shlabhraí soláthair áitiúla a neartú chun athléimneacht fhadtéarmach agus sochaithe láidre a áirithiú.

53. Creideann CnaR nach mór aistriú cóir agus cothrom a chinntiú faoin gComhshocrú Eorpach um na hAigéin, aistriú a thacódh leis na réigiúin is forimeallaí, le pobail oileánacha agus pobail chósta. Bhainfí é sin amach trí inbhuanaitheacht shocheacnamaíoch na bpobal sin a chinntiú, chomh maith lena bpoist a chosaint, a ndea-bhail shóisialta a áirithiú agus a chinntiú go mbeidís rannpháirteach go gníomhach i múnlú na mbeartas sin a dhéanfaidh difear dá slite beatha, sin agus prionsabal an 'chirt fanachta' a chaomhnú do na réigiúin is forimeallaí, do na pobail oileánacha agus do na pobail chósta. D'fhéadfaí an prionsabal sin a chaomhnú trí fheabhas a chur ar an rochtain ar sheirbhísí poiblí, tithíocht, nascacht, iompar, oideachas agus poist, agus cáilíocht an mhéid sin a fheabhsú chomh maith céanna.

Riachtanais réigiún faoi leith agus riar a gcáis

54. Tá riachtanais shonracha ag na réigiúin sin agus gá acu le bearta *ad hoc* dá réir chun lóistíocht inmharthana a áirithiú do shaol agus do shlite beatha na saoránach, ar a n-áirítear i ndáil lena spleáchas ar aeriompar agus ar mhuiriompar, chun a nascacht agus a soláthairtí a áirithiú.

Rialachas idirnáisiúnta na n-aigéan

55. Admhaíonn sé a thábhachtaí atá struchtúir rialachais a fheidhmíonn ar an leibhéal domhanda ([14]) agus ar leibhéal an Aontais ([15]), rud a chumasaíonn bainistiú na n-aigéan agus úsáid a n-acmhainní ar bhealach inbhuanaithe.

56. Meabhraíonn sé go bhfuil an-luach geostraitéiseach ag baint leis na réigiúin is forimeallaí don Aontas Eorpach i ngeall ar a suíomh uathúil, a gcineál trasteorann agus a ndáileadh i gcodanna éagsúla d'aigéin an domhain, sin agus i ngeall ar an tsaorghluaiseacht ina n-uiscí, ina bhfuiltear slán ó bhagairtí slándála.

57. Lena chois sin, creideann CnaR, i bhfianaise mhéid suntasach limistéir eacnamaíocha eisiacha na réigiún is forimeallaí, rud ar cuid mhór den chúis é a bhfuil an limistéar eacnamaíoch eisiach is mó ar domhan ag an Aontas, gur cheart béim ní ba mhó a leagan ar na réigiúin sin agus na hacmhainní oibríochtúla a thabhairt dóibh ionas go bhféadfaidís a bheith ar thús cadhnaíochta i mbainistíocht chomhtháite aigéin an Aontais.

58. Tarraingíonn CnaR aird ina leith sin ar an tuairim dá chuid maidir le *Neartú ar an gcomhar trasteorann buan éifeachtach atá ag an Aontas leis na tíortha a bhfuil teorainn aige leo* ([16]), áit ar leag sé béim ar an gcaoi 'nár mhór an comhar trasteorann muirí a bheith níos struchtúrtha ná mar atá sé faoi láthair'.

59. Tá CnaR den tuairim gur féidir leis an Aontas a bheith ar thús cadhnaíochta maidir leis sin, rud a spreagfaidh cineálacha cur chuige den sórt céanna i réimsí eile. Cuireann sé i bhfáth gur cheart don Chomhshocrú rannchuidiú leis an rialachas inmheánach éifeachtach a fheabhsú chomh maith le comhar rannpháirteach a chothú le réigiúin trasteorann lasmuigh den Aontas san am céanna. D'fhéadfaí é sin a dhéanamh trí chur le cur chuige rialachais il-leibhéil an Aontais agus an cur chuige féin a threisiú, ar cur chuige é a chinntíonn go mbíonn dlúthbhaint ag an leibhéal áitiúil agus réigiúnach le beartais a dhearadh agus a chur chun feidhme. Molann CnaR go mbainfí leas as taidhleoireacht aigéin an Aontais i dtreo go mba chuidiú í le húsáid inbhuanaithe acmhainní na n-aigéan a chur chun tosaigh ar fud an domhain.

([14]) Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige.

([15]) An 'Beartas Muirí Comhtháite', 'an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí', an Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir le 'Clár oibre an Aontais um Rialachas Idirnáisiúnta na nAigéan' agus 'Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030'.

([16]) Tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún — *Neartú ar an gcomhar trasteorann buan éifeachtach atá ag an Aontas leis na tíortha a bhfuil teorainn aige leo* (IO C, C/2024/1038, 9.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/1038/oj).

Caipiteal daonna, taighde agus nuálaíocht

60. Measann CnaR gur cheart don Chomhshocrú rannchuidiú le hinfheistíocht mhéadaithe sa taighde muirí a chur chun cinn ionas gur féidir aghaidh a thabhairt ar bhearnaí eolais, go háirithe a fhad a bhaineann leis an mbithéagsúlacht, leis na seirbhísí éiceachórais, le hiarsmaí an athraithe aeráide agus le cosaint na hoidhreachta cultúrtha fo-uisce, sin agus le deiseanna nua teicneolaíochta agus gnó, ar bhonn phrionsabal na neamhdhíobhála. Molann sé go bhféadfaí tarraingt ar eolas agus líonraí áitiúla le moil don taighde agus don nuálaíocht a dhéanamh de na limistéir cois cósta. Molann CnaR ról iomchuí a éascú do na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha sa rialachas domhanda nua, ag tosú le hionadaíocht CnaR ag Comhdháil na Náisiún Aontaithe maidir leis na hAigéin a reáchtálfar in Nice i mí an Mheithimh 2025. Ina theannta sin, molann sé an comhar a neartú le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus le tríú tíortha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda na n-aigéan. Tá sé ag iarraidh go mbeadh comhleanúnachas beartais ann, go ndéanfaí measúnuithe tionchair trédhearcacha, sin agus go neartófaí cur chun feidhme na mbeart atá ann cheana. Ba cheart cur chun feidhme na n-ionstraimí agus na mbeart atá ann cheana a neartú agus ról an Aontais mar cheannaire reachtach sna réimsí sin a chomhdhlúthú. Cuireann CnaR ar son na nithe seo a leanas: na criosanna cósta a bhainistiú ar shlí chomhtháite, an comhar trasearnála, sin agus ardáin idirphlé le haghaidh eolaithe, lucht ceaptha beartas, lucht an tionscail agus na sochaí sibhialta. Cuireann sé chun suntais a thábhachtaí atá sé geilleagar gorm inbhuanaithe a chothú do na pobail cois cósta agus beartais agus buiséid an Aontais a ailíniú le cuspóirí na hinbhuanaitheachta. Ar a mhuin sin, b'fhiú bailiú agus comhroinnt sonraí eolaíocha a chur chun cinn d'fhonn bonn eolais a chur faoi chinntí beartais, ról an taighde agus na nuálaíochta a neartú chun tacú leis an gcinnteoireacht agus cur le heolas ginearálta eolaíochtbhunaithe agus le fothú acmhainneachta maidir le bainistiú na n-aigéan. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart freastal ar an riachtanas atá ann i dtaca le bonneagar breathnóireachta aigéin, ar a n-áirítear fothú acmhainneachta sna haigéin agus sna limistéir cois cósta; ba cheart freisin measúnú comhtháite domhanda a dhéanamh ar bhail na muirthimpeallachta, ina measc na gnéithe socheacnamaíocha di.

61. Tá CnaR ag iarraidh go smaoineoidh na réigiúin mhuirí ar 'Straitéisí um Speisialtóireacht Chliste Ghorm' a fhorbairt chun na straitéisí réigiúnacha um speisialtóireacht chliste atá ann cheana a chomhlánú.

62. Cuireann CnaR i bhfáth go bhfuil gá le cur chuige cuimsitheach i leith an bheartais mhuirí chun feabhas a chur ar éifeachtacht rialachas inmheánach an Aontais, cur chuige a mbeidh na comhlachtaí poiblí agus na húdaráis phoiblí uile a bhfuil saineolas acu ar an rialachas muirí rannpháirteach ann. Thairis sin, is gá comhordú idir na gníomhaithe lena mbaineann a chur chun cinn agus, ar an dóigh sin, bainistiú eolais a éascú.

63. Is díol sásaimh do CnaR an togra reachtach a ghlac Parlaimint na hEorpa maidir le 'breoslaí muirí inbhuanaithe', go háirithe Ciste Aigéin a chur ar bun chun éifeachtúlacht fuinnimh long a fheabhsú agus chun tacú le hinfheistíocht atá dírithe ar dhícharbónú na gcóras iompar muirí a éascú agus tarraingíonn sé aird ar thuairim dá chuid ó 2024 maidir leis 'An Comhbheartas Iascaigh ar an láthair: i dtreo pobail chósta inbhuanaithe athléimneacha san Aontas', ina leagtar béim ar an ngá atá ann tacú leis an aistriú cóir i dtreo iascach ísealtionchair. Cuireann sé chun suntais go bhfuil gá le haistriú cóir le haghaidh na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha muirí uile chun a n-athléimneacht agus a n-iomaíochas san fhadtéarma a áirithiú. Is díol sásaimh do CnaR an togra a glacadh i mí na Samhna 2024 maidir le 'Fuel EU Maritime' – Breoslaí muirí inbhuanaithe. Ionas go nglacfaidh an cabhlach iascaireachta foinsí in-athnuaite fuinnimh, cuireann CnaR treise air go mba ríthábhachtach na bacainní atá ann cheana a shárú trí chomhordú agus comhar i measc na ngeallsealbhóirí a chothú; bearnaí eolais agus teicneolaíochta a líonadh trí mheán an taighde agus na nuálaíochta; na scileanna agus an lucht saothair atá de dhíth a fhorbairt don aistriú fuinnimh, sin agus an timpeallacht ghnó a fheabhsú, ar a n-áirítear rochtain ar mhaoiniú.

64. Aontaíonn CnaR gur cheart don Chomhshocrú um na hAigéin feidhmiú mar thúsphointe chun creat comhleanúnach reachtach agus neamhreachtach a fhorbairt do na haigéin, lena n-áirítear Gníomh um na hAigéin agus athbhreithnithe comhordaithe a dhéanfar amach anseo ar an reachtaíocht atá ann cheana, lena n-áirítear an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí agus an Treoir maidir le Pleanáil Spásúil Mhuirí.

An Bhruiséil, an 3 Aibreán 2025.

Uachtarán
Choiste Eorpach na Réigiún
Kata TÜTTŐ